



Scéim na nOibrithe Forbartha Deonacha

Tá socruithe ar leith curtha i bhfeidhm ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun cearta leasa shóisialaigh na nOibrithe Forbartha Deonacha a chosaint. Tá an bhileog seo ceaptha leis na socruithe seo a mhíniú.

Cad í Scéim na nOibrithe Forbartha Deonacha?

Oibríonn an Roinn scéim faoinar féidir le hOibrithe Forbartha Deonacha cáiliú do Ranníocaíochtaí Curtha Chun Sochair (Ranníocaíochtaí Creidiúnaithe), nó ‘Creidmheasanna OFD’, i leith tréimhse a chaitear i dtír i mbéal forbartha agus i leith aon tréimhse ullmhúcháin roimhe sin.

Tá Creidmheasanna OFD á mbronnadh ó 6 Aibreán 1983.

Is féidir leis na ‘Creidmheasanna’ seo cabhrú leat cáiliú do shochair agus do phinsin leasa shóisialaigh áirithe tar éis duit filleadh abhaile ón tír i mbéal forbartha.

Thairis sin, tá coinníollacha cáiliúcháin áirithe ó thaobh na teidlíochta ar Shochar Máithreachais, ar Shochar Sláinte agus Sábháilteachta, ar Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, ar Shochar Breoiteachta agus ar Shochar Cóireála maolaithe d’Oibrithe Forbartha Deonacha atá fillte abhaile. Mar sin, is den tábhacht é go gcuirfidh tú thú féin in aithne mar Oibrí Forbartha Deonach atá fillte abhaile agus éileamh á dhéanamh agat.

Cé a mheastar ina Oibrí Forbartha Deonach (OFD)?

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a rangáíonn duine mar Oibrí Forbartha Deonach (OFD) má oibríonn sé/sí go sealadach lasmuigh d’Éirinn i dtír i mbéal forbartha ar “Théarmaí Deonacha” agus má shocraítear a (h)obair ag nó trí:

- gníomhaireacht neamhrialtasach in Éirinn,
- gníomhaireacht rialtasach nó gníomhaireacht neamhrialtasach in aon Bhallstát den Aontas Eorpach (seachas Éire),

nó

- go díreach le Rialtas na tíre i mbéal forbartha.

Ciallaíonn “Téarmaí Deonacha” go bhfuil an luach saothair a fhaigheann tú i gcomhair na hoibre a ghlacann tú ar láimh ag teacht le rátaí áitiúla pá sa tír i mbéal forbartha.

Cad is Tír i mBéal Forbartha ann?

Chun críocha Scéim na nOibrithe Forbartha Deonacha, ciallaíonn “Tír i mBéal Forbartha” aon tír atá sainithe sa chaoi sin ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus ag féachaint do thíortha atá sainithe mar Thíortha i mBéal Forbartha ag na Náisiúin Aontaithe, ag an mBanc Domhanda nó ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Conas a cháilítear do ‘Chreidmheasanna OFD’?

Chun cáiliú do ‘Chreidmheasanna OFD’ ní mór duit a bheith i d’OFD mar a shainmhínítear thuas é.

Ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh freisin:

Coinníollacha Ginearálta

Ní mór duit:

- a bheith os cionn 16 bliana d’aois,
 - a bheith i do chónaí sa Stát seo díreach sula dtéann tú i mbun na fostaíochta,
- agus**
- a bheith fostaithe faoi choinníollacha luacha shaothair atá cosúil leis na coinníollacha áitiúla a bhfuil feidhm acu sa tír i mbéal forbartha.

Coinníollacha Ranníocaíochta

Ní mór ar a laghad 104 sheachtain d'ÁSPC ar **Aicme A** a bheith íoctha agat ó thosaigh tú ag obair.

Má tá níos lú ná 104 ranníocaíocht **Aicme A** íoctha agat, ansin íocfaidh Comhlámh ranníocaíochtaí **Aicme A** chun an t-íomlán atá agat a thabhairt suas go dtí na 104 ranníocaíocht atá riachtanach. Nuair a íocfar an méid íocaíochtaí atá amuigh, bronnfar 'Creidmheasanna OFD' ort i dtaca leis an gcuid eile de do shannadh oibre ar an gcoigríoch suas le teorainn 5 bliana. (Más seirbhíseach poiblí thú, féach an chéad leathanach eile)

Pointí le Tabhairt faoi Deara

- I gcás ina bhfuil dhá Bhliain Chánach as a chéile nár íocadh nó nár cuireadh chun sochair aon ranníocaíocht iontu díreach roimh duit dul thar lear mar Oibrí Forbartha Deonach, íocfaidh Comhlámh ranníocaíochtaí Aicme A i dtaca leis an gcéad 26 seachtaine de do shannadh oibre agus bronnfar 'Creidmheasanna OFD' ort i dtaca leis an gcuid eile de do shannadh oibre suas le teorainn 5 bliana.
- Ní mheasfar baill d'Oird Rialta a dtarraingíonn a gcuid oibre dualgais thréadacha ina nOibrithe Forbartha Deonacha chun críche na scéime seo.

An bhfuil teorainn leis an bhfad ama inar féidir cáiliú do 'Chreidmheasanna OFD'?

Tá, ní féidir 'Creidmheasanna OFD' a bhronnadh ach ar feadh 5 bliana ar a mhéad. Déantar tréimhsí éagsúla oibre mar OFD a chomhiomlánú d'fhonn na 5 bliana a áireamh. Mar shampla, má bhí tú i d'OFD ar feadh trí bliana roimhe sin, agus más mian leat dul thar lear mar OFD ar feadh trí bliana eile, ní chaileoidh tú do 'Creidmheasanna OFD' ach ar feadh dhá bhliain de do dhara sannadh oibre.

I gcás ina dtéann tréimhse do shannta oibre thar lear os cionn 5 bliana, bronnfar 'Creidmheasanna OFD' ort, sa mhéid gur féidir é, i leith na tréimhse is mó a théann chun tairbhe duit.

Cad is féidir a éileamh má bhronntar 'Creidmheasanna OFD'?

Is "ináirithe go hiomlán" iad na 'Creidmheasanna OFD' de ghnáth, is é sin go bpléitear leo mar ranníocaíochtaí íoctha. Mar sin, tar éis duit filleadh ar Éirinn, féadfaidh 'Creidmheasanna OFD' cabhrú leat cáiliú do shochair agus do phinsin leasa shóisialaigh áirithe.

Maolaítear coinníollacha cáiliúcháin áirithe agus síntear blianta sochair ó thaobh Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar Breoiteachta, Sochar Máithreachais agus Sochar Cóireála a íoc i gcomhair na bliana a bhfillteann an Oibrí Forbartha Deonach ar Éirinn agus i gcomhair na mblianta sochair ábhartha ina dhiaidh sin.

Tá sé an-tábhachtach go gcuirfidh tú thú féin in aithne mar OFD atá fillte abhaile agus éileamh ar cheann de na híocaíochtaí seo á dhéanamh agat lena chinntiú go mbeidh feidhm ag na coinníollacha cáiliúcháin maolaithe i do chás. Is féidir sonraí de na coinníollacha cáiliúcháin ó thaobh na nOibrithe Forbartha Deonacha atá fillte abhaile a fháil ó rannán cuí na Roinne. Féach an tábla thíos:

An cineál sochair	Pointe teagmhála:
Sochar Máithreachais/ Sochar Sláinte agus Sábháilteachta:	Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar Mhic Artair Ard Rámhann Bun Cranncha Contae Dhún na nGall Guthán: 01 471 5898 Íosghlao: 1890 690 690 Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaigh ar + 353 1 471 5898, le do thoil
Sochar Cóireála:	Rannóg an tSochair Chóireála Seirbhísí Leasa Shóisialaigh Bóthar Oilibhéir Phluincéid Leitir Ceanainn Contae Dhún na nGall Guthán: 074 916 4496 Íosghlao: 1890 400 400 Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaigh ar + 353 74 916 4480, le do thoil
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta:	D'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil
Sochar Breoiteachta:	Oifigeach Eolais i d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Cad a tharlaíonn más Seirbhíseach Poiblí mé a íocann Árachas Sóisialach modhnaithe (Aicmí ÁSPC B, C, nó D)?

Má d'oibrigh tú mar sheirbhíseach poiblí buan agus má d'íoc tú ÁSPC ar **Aicme B, C** nó **D** díreach sular thosaigh tú do shannadh oibre ar an gcoigríoch, beidh tú fós i dteideal creidmheasanna OFD i leith thréimhse an tsannta oibre. Ag brath ar thréimhse do shannta oibre thar lear, is féidir go gcuirfidh na 'creidmheasanna' seo i dteideal thú ó thaobh éileamh a dhéanamh ar Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, ar Shochar Breoiteachta, ar Shochar Cóireála, ar Shochar Máithreachais nuair a fhillfidh tú.

Stadann do 'Chreidmheasanna OFD' de bheith ináirithe go hiomlán chun críocha sochair, áfach, má théann tú i mbun fostaíochta arís ar **Aicme B, C** nó **D** den **ÁSPC**.

Mar atá ráite ar leathanach 2, íocfaidh Comhlámh an méid ranníocaíochtaí **Aicme A** atá amuigh má tá níos lú ná na 104 ranníocaíocht atá riachtanach íochta agat roimh thosach do shannta oibre.

Sosanna Gairme

Oibríthe Forbartha Deonacha a bhaineann leas as sosanna gairme óna ngnáthfhostaíocht chun dul ag obair thar lear, is cóir dóibh teagmháil a dhéanamh lena nOifig Leasa Shóisialaigh áitiúil mura bhfostaítear arís iad díreach tar éis dheireadh a sannta oibre.

Is iondúil mar riail ghinearálta go bhfuil Oibríthe Forbartha Deonacha atá fillte abhaile i dteideal éileamh a dhéanamh ar Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta má tá tréimhse a sosa ghairme istigh agus mura bhfuil aon obair ar fáil ón bhfostóir a bhí acu roimhe sin. Mura bhfuil tréimhse an tsosa ghairme istigh, áfach, ní bheidh tú i dteideal éileamh a dhéanamh.

Conas is ceart iarratas a dhéanamh?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh trí fhoirm **VOL DEV 1** a líonadh. Ba chóir foirmeacha líonta a chur ar ais chuig an nGníomhaireacht atá do do sheoladh thar lear agus ansin seolfaidh sí sin chuig Comhlámh iad. Cinntigh go luafaidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) cheart nuair a líonfaidh tú an fhoirm **VOL DEV 1**.

Dearbhaíonn Comhlámh gur bailí iad dintiúirí na Gníomhaireachta Sallchuir agus fíoraíonn Comhlámh go

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Logáil isteach ar www.welfare.ie.
- Glaigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna **1890 66 22 44** nó má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaigh ar **+353 71 91 93313**, le do thoil
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

n-oibríonn tú ar an gcoigríoch faoi "Théarmaí Deonacha".

I ndiaidh an bhailíochtaithe, déanann Comhlámh teagmháil le Rannóg na mBailiúchán Speisialta de chuid na Roinne seo agus tugann an oifig seo tréimhse do shannta oibre dá haire.

Cad ba cheart a dhéanamh nuair a rachfaí abhaile?

Má tá sé dearbhaithe ag Comhlámh go bhfuil do shannadh oibre bailí, **tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfidh tú, nó an eagraíocht a sheol thú, scéala chuig Comhlámh láithreach faoin dáta a bhfillfidh tú. Ná fan go dtí go ndéanfaidh tú éileamh.**

Tar éis do Chomhlámh é a chur in iúl di, bronnfaidh Rannóg na mBailiúchán Speisialta 'Creidmheasanna OFD' i leith thréimhse do shannta oibre thar lear suas le teorainn 5 bliana.

Mura gcuirtear in iúl go bhfuil tú fillte ar Éirinn, ní féidir 'Creidmheasanna OFD' a bhronnadh agus is é an toradh a fhéadfaidh a bheith air seo ná moill a bhaint as do theidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Sochair Shláinte

Chun eolas a fháil ar Shochair Sláinte le linn duit obair thar lear mar OFD, déan teagmháil le hoifig áitiúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó leis an Roinn Sláinte ar (01) 635 4000.

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar Scéim na 'gCreidmheasanna OFD' a fháil, déan teagmháil le:

Rannóg na mBailiúchán Speisialta

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán: (01) 471 5898

Íosghlao: 1890 690 690

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaigh ar + 353 1 471 5898, le do thoil.

Comhlámh

12 Sráid na Parlaiminte

Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 478 3490

Láithreán Gréasáin: www.comhlamh.org

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.